AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.11.2025
COM(2025) 674 final

2025/0341 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta le linn an 34ú seisiún den Tionól

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo le cinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 34ú seisiún de Thionól na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (A 34) a bheidh ar siúl ón 24 Samhain go dtí an 3 Nollaig 2025.

Le linn a 34ú seisiún, tá an Tionól chun leasuithe a ghlacadh ar an méid seo a leanas:

(a) An Cód um Fholáirimh agus Táscairí, 2025,

(b) Na nósanna imeachta um rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt, 2025

(c) Na Treoirlínte Suirbhéireachta faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe, 2025

(d) Liosta neamh-uileghabhálach 2025 na n-oibleagáidí faoi ionstraimí atá ábhartha do Chód Cur Chun Feidhme Ionstraimí IMO (Cód III).

(e) An Creat agus na Nósanna Imeachta le haghaidh Scéim Iniúchóireachta Bhallstáit IMO.

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. An Coinbhinsiún maidir leis an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta

Is leis an gCoinbhinsiún maidir leis an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) a bhunaítear IMO. Is é is cuspóir do IMO fóram a chur ar fáil le haghaidh comhar i réimse na rialála agus na gcleachtas a bhaineann le hábhair theicniúla de gach cineál a dhéanann difear do loingseoireacht atá ag gabháil do thrádáil idirnáisiúnta. Thairis sin, tá sé d'aidhm aige glacadh ginearálta na gcaighdeán is airde is féidir a chur chun cinn maidir le hábhair a bhaineann leis an tsábháilteacht mhuirí, le héifeachtúlacht na loingseoireachta agus le cosc agus rialú an truaillithe mhuirí ó longa, agus leis sin an cothrom iomaíochta a chur chun cinn. Pléann sé freisin leis na hábhair riaracháin agus dlí a bhaineann leis an méid sin.

Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 17 Márta 1958.

Tá na Ballstáit uile ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún. Níl an tAontas ina pháirtí sa Choinbhinsiún.

2.2. An Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta

Is sainghníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe í an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) a bhfuil freagracht uirthi as sábháilteacht agus slándáil loingseoireachta agus as truailliú muirí ó longa a chosc. Is é IMO an t-údarás domhanda ó thaobh caighdeáin a leagan síos maidir le sábháilteacht, slándáil agus feidhmíocht chomhshaoil na loingseoireachta idirnáisiúnta. Is é an príomhról atá aige creat rialála atá cóir agus éifeachtach a chruthú le haghaidh an tionscail loingseoireachta, creat a ghlacfar go huilíoch agus a chuirfear chun feidhme go huilíoch.

Is Stáit amháin ar féidir leo cur isteach ar bhallraíocht in IMO. Is ar Rún IMO A.1168(32) atá caidreamh an Choimisiúin Eorpaigh le IMO bunaithe sa lá atá inniu ann, rún lena bhforordaítear na nósanna imeachta agus na téarmaí le haghaidh an chomhair idir IMO agus eagraíochtaí idir-rialtasacha. Ar bhonn an Rúin IMO sin agus socruithe breise ó bhí 1974 ann, tá an Coimisiún Eorpach rannpháirteach mar bhreathnóir i gcruinnithe uile Choiste agus Fhochoistí IMO.

Is é Tionól IMO comhlacht rialaithe na heagraíochta. Cuimsítear ann Ballstáit uile IMO a thagann le chéile gach dara bliain, agus féadfaidh sé bearta a comhaontaíodh i ngach ceann de chúig phríomhchoiste IMO a ghlacadh. I measc na gcúig choiste sin tá an Coiste Muir-Shábháilteachta (MSC) agus an Coiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí.

2.3. Na gníomhartha de chuid Thionól IMO atá beartaithe

Ón 24 Samhain go dtí an 3 Nollaig 2025, le linn a 34ú seisiún, glacfaidh an Tionól leasuithe ar na nithe seo a leanas:

(a) An Cód um Fholáirimh agus Táscairí, 2025,

(b) Na nósanna imeachta um rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt, 2025

(c) Na Treoirlínte Suirbhéireachta faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe, 2025

(d) Liosta neamh-uileghabhálach 2025 na n-oibleagáidí faoi ionstraimí atá ábhartha do Chód Cur Chun Feidhme Ionstraimí IMO (Cód III).

(e) Scéim Iniúchóireachta Bhallstáit IMO.

De réir Chomhaontú IMO, (Airteagal 15(j)), féadfaidh an Tionól rialacháin agus treoirlínte le haghaidh comhaltaí maidir le sábháilteacht mhuirí, cosc agus rialú an truaillithe mhuirí ó longa, a ghlacadh, mar aon le hábhair eile a bhaineann le héifeacht na loingseoireachta ar an muirthimpeallacht a sannadh don Eagraíocht ag nó faoi ionstraimí idirnáisiúnta, nó leasuithe ar na rialacháin agus na treoirlínte a cuireadh faoina bráid, i bhfoirm Rún.

Leis na Rúin thuasluaite atá le glacadh, forlíontar Coinbhinsiúin IMO agus tacaítear leo, d'fhéadfadh tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar reachtaíocht an Aontais agus ionchorpraítear roinnt díobh i reachtaíocht an Aontais.

Is é is cuspóir foriomlán dóibh sábháilteacht mhuirí, cosaint an chomhshaoil agus cur chun feidhme comhsheasmhach chaighdeáin IMO a chur chun cinn trí cheanglais theicniúla, nósanna imeachta cigireachta agus suirbhéireachta, agus maoirseacht ar chomhlíonadh na mBallstát a chomhchuibhiú. Déantar iad a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta chun teicneolaíochtaí nua, forbairtí rialála, agus taithí a fuarthas óna gcur i bhfeidhm praiticiúil a ionchorprú, lena n-áirithítear a n-ábharthacht agus a n-éifeachtacht leanúnach.

Níos cruinne fós:

(a) Is é is cuspóir do na leasuithe atá beartaithe ar an gCód um Fholáirimh agus Táscairí forálacha an Chóid a thabhairt cothrom le dáta a thuilleadh, agus ar an gcaoi sin comhlíonadh cheanglais ionstraimí IMO a glacadh agus/nó a leasaíodh ó glacadh an Cód a áirithiú agus, dá bhrí sin, deireadh a chur le neamhréireanna, débhríochtaí agus iomarcaíochtaí nach bhfuil gá leo.

(b) Is é is cuspóir do na leasuithe atá beartaithe ar na nósanna imeachta um rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt feabhas a chur ar shábháilteacht agus slándáil mhuirí, agus truailliú muirí a chosc agus na Nósanna Imeachta a thabhairt cothrom le dáta chun na leasuithe ar ionstraimí IMO a tháinig i bhfeidhm nó a tháinig chun bheith éifeachtach ó bhí 2023 ann, a chur san áireamh nuair a ghlac Tionól IMO 33 rún A.1185(33) maidir le Nósanna Imeachta um Rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt, 2023.

(c) Is é is cuspóir do na leasuithe atá beartaithe ar na Treoirlínte faoin gcóras comhchuibhithe suirbhéireachta agus deimhniúcháin iad a athbhreithniú a thuilleadh chun na leasuithe ar ionstraimí IMO a tháinig i bhfeidhm nó a

tháinig chun bheith éifeachtach ó bhí 2023 ann a chur san áireamh nuair a ghlac Tionól IMO 33 rún A.1186(33) maidir leis na Treoirlínte Suirbhéireachta faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe, 2023.

(d) Cuspóir na leasuithe atá beartaithe ar liosta neamh-uileghabhálach 2025 na n-oibleagáidí faoi ionstraimí atá ábhartha do Chód III chun iad a athbhreithniú a thuilleadh chun na leasuithe ar ionstraimí IMO atá ábhartha do Chód III a chur san áireamh, leasuithe a tháinig i bhfeidhm nó a tháinig chun bheith éifeachtach ó bhí 2023 ann nuair a ghlac Tionól IMO 33 rún A.1187(33) maidir le Liosta neamh-uileghabhálach 2023 na n-oibleagáidí faoi ionstraimí atá ábhartha do Chód III.

(e) Is é is cuspóir do na leasuithe atá beartaithe ar an gCreat agus ar na Nósanna Imeachta le haghaidh Scéim Iniúchóireachta Bhallstáit IMO feabhas a chur ar chumas na mBallstát a n-oibleagáidí faoi ionstraimí éigeantacha IMO a bhfuil siad ina bPáirtí iontu a chomhlíonadh, agus trédhearcacht, cuntasacht agus comhar níos fearr a chothú i measc na mBallstát.

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

3.1. Glacadh an dréacht-Chód um Fholáirimh agus Táscairí, 2025, agus an dréachtrún gaolmhar ón Tionól, agus lena gcúlghairtear rún A.1021(26) atá ann cheana maidir leis an gCód um Fholáirimh agus Táscairí, 2009

Tá sé beartaithe leis an gCód um Fholáirimh agus Táscairí, 2009, treoir ghinearálta maidir le dearadh a sholáthar agus aonfhoirmeacht cineáil, suímh agus tosaíochta a chur chun cinn maidir le foláirimh agus táscairí a cheanglaítear le Coinbhinsiún SOLAS, a chuirtear i bhfeidhm maidir le longa paisinéirí i mbun turais intíre trí Threoir 2009/45/CE maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta le haghaidh longa paisinéirí.

Tá Coiste Muir-Shábháilteachta IMO, ina 108ú seisiún (MSC 108), tar éis a shannadh don Fhochoiste um Dhearadh agus um Fhoirgníocht Long chun tabhairt faoin obair ar ‘Athbhreithniú ar Chód 2009 um Fholáirimh agus Táscairí’.

Thug SDC 11 dá aire a thábhachtaí atá sé a áirithiú go raibh na leasuithe ar an gCód um Fholáirimh agus Táscairí comhsheasmhach agus comhchuibhithe leis na leaganacha is déanaí de na coinbhinsiúin, de na cóid agus de na rúin, lenar bunaíodh ceanglais maidir le foláirimh amhairc agus éisteachta chun sábháilteacht na n-oibríochtaí ar bord a ráthú. Bhunaigh SDC 11 an Mheitheal um Athbhreithniú ar Chód 2009 um Fholáirimh agus Táscairí agus d’ordaigh sé dó tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na dréachtleasuithe ar Chód 2009 um Fholáirimh agus Táscairí, d’fhonn bailchríoch a chur orthu, mar aon leis an dréachtrún gaolmhar ón Tionól.

D’fhormheas SDC 11 an tuarascáil ón Meitheal um Athbhreithniú ar Chód 2009 um Fholáirimh agus Táscairí agus chomhaontaigh sé dréacht-Chód 2025 um Fholáirimh agus Táscairí, agus an dréachtrún gaolmhar ón Tionól, d’fhonn formheas comhthráthach a fháil ó MEPC 83 agus MSC 110, agus a ghlacadh ina dhiaidh sin ag A 34. Ba é seasamh an Aontais ag SDC 11 tacú leis an moladh gur cheart na dréachtleasuithe ar Chód 2009 um Fholáirimh agus Táscairí a bhreithniú laistigh de mheitheal.

D’fhormheas an Coiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí, ag an 83ú seisiún dá chuid, faoi réir cinneadh comhthráthach ó MSC 110, an dréacht-Chód um Fholáirimh agus Táscairí, 2025, agus an dréachtrún gaolmhar ón Tionól, mar a leagtar amach in iarscríbhinn 14 é, d’fhonn go nglacfaí é le A 34. Ba é seasamh an Aontais ag MEPC 83 tacú le formheas an dréacht-Chóid um Fholáirimh agus Táscairí, 2025 agus a dhréachtrúin ghaolmhair ón Tionól.

D’aontaigh MSC 110 leis an gcinneadh ó MEPC 83 maidir leis an dréacht-Chód um Fholáirimh agus Táscairí a fhormheas, 2025 lena ghlacadh ag A 34. Agus an dréacht-Chód á fhormheas aige, d’iarr an Coiste ar an Tionól rún A.1021(26) maidir leis an gCód um Fholáirimh agus um Tháscairí, 2009 a chúlghairm. Ba é seasamh an Aontais ag MSC 110 tacú le formheas an dréacht-Chóid um Fholáirimh agus Táscairí, 2025 agus a dhréachtrúin ghaolmhair ón Tionól.

D’fhormheas MSC 110 an dréacht-Chód um Fholáirimh agus Táscairí, 2025 agus a dhréachtrún gaolmhar ón Tionól lena nglacadh ag A34, de réir thuarascáil MSC go A34 (doiciméad IMO A 34/12 an 1 Meán Fómhair 2025).

Dá bhrí sin, ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacaíocht a thabhairt don dréacht-Chód um Fholáirimh agus Táscairí, 2025 agus dá dhréachtrún gaolmhar ón Tionól ós rud é go n-áiritheofar leis an athbhreithniú sin comhlíontacht le ceanglais ionstraimí IMO a glacadh agus/nó a leasaíodh ó glacadh an Cód agus, dá bhrí sin, cuirfear deireadh le neamhréireanna, débhríochtaí agus iomarcaíochtaí nach bhfuil gá leo.

3.2. Glacadh na nósanna imeachta um rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt, 2025, agus an dréachtrún gaolmhar ón Tionól

Tá sé beartaithe leis na Nósanna Imeachta um Rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt treoraíocht bhunúsach a chur ar fáil maidir le cigireachtaí rialaithe arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt chun tacú le forálacha rialaithe na gcoinbhinsiún ábhartha agus codanna de Chód Cur Chun Feidhme Ionstraimí IMO (Cód III) agus tugtar comhsheasmhacht maidir leis na cigireachtaí sin a dhéanamh, maidir le heasnaimh loinge, a trealaimh, nó a criú a aithint, agus maidir le nósanna imeachta rialaithe a chur i bhfeidhm.

Chomhaontaigh an Fochoiste um Chur Chun Feidhme Ionstraimí IMO (III) ina 10ú seisiún, leis na dréachtleasuithe ar na Nósanna Imeachta um Rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt, 2023, atá le tabhairt chun críche ag III 11, d’fhonn iad a chur faoi bhráid A 34, lena nglacadh. Bhunaigh III 10 freisin an Grúpa Comhfhreagrais um Bearta chun Gníomhaíochtaí agus Nósanna Imeachta um Rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt a Chomhchuibhiú ar fud an Domhain, faoi chomhordú an Choimisiúin Eorpaigh, chun leanúint de bheith ag obair ar leasú a dhéanamh ar na Nósanna Imeachta um Rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt, 2023. Ba é seasamh an Aontais ag III 10 tacú leis an tuarascáil ón nGrúpa Comhfhreagrais um Bearta chun Gníomhaíochtaí agus Nósanna Imeachta um Rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt a Chomhchuibhiú ar fud an Domhain agus tacú le bunú na Meithle um chúrsaí Rialaithe arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt chun an obair atá fós le déanamh a eascraíonn as an tuarascáil dheireanach sin a bhreithniú.

Bhreithnigh III 11, i measc nithe eile, tuarascáil na Meithle Comhfhreagrais agus bhunaigh sé an Mheitheal um Bearta chun Gníomhaíochtaí agus Nósanna Imeachta um Rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt a Chomhchuibhiú ar fud an Domhain chun an tuarascáil a bhreithniú a thuilleadh agus é mar aidhm, mar ábhar tosaíochta, na dréachtleasuithe ar na Nósanna Imeachta um Rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt, 2023, d’fhonn iad a chur faoi bhráid A 34, i bhfoirm chomhdhlúite, lena nglacadh. Ba é seasamh an Aontais ag III 11 tacú go ginearálta leis an tuarascáil ón nGrúpa Comhfhreagrais maidir le Bearta chun Gníomhaíochtaí agus Nósanna Imeachta um Rialú arna dhéanamh ag Stát ar Chalafoirt a Chomhchuibhiú ar fud an Domhain.

Chomhaontaigh III 11 leis an dréachtrún ón Tionól maidir le Nósanna Imeachta um Rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt, 2025, atá le glacadh ag A 34.

Bhí údarú tugtha ag MSC 109 agus MEPC 83 do III 11 tuairisciú a dhéanamh ar thoradh a chuid oibre ar ábhair a mbeadh gá leis an dréachtrún ón Tionól maidir le Nósanna Imeachta um Rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt, 2025 a ghlacadh go díreach chuig A 34.

Cuireadh an dréachtrún ón Tionól maidir le Nósanna Imeachta um Rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt, 2025 ar aghaidh lena ghlacadh ag A 34, de réir thuarascáil MSC go A34 (doiciméad IMO A 34/12 an 1 Meán Fómhair 2025).

Dá bhrí sin, ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacú le glacadh na nósanna imeachta um rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt, 2025 agus an dréachtrúin ghaolmhair ón Tionól toisc go bhfeabhsóidh siad sábháilteacht agus slándáil mhuirí agus cosc an truaillithe mhuirí agus cuirfear san áireamh sa nuashonrú na leasuithe ar ionstraimí IMO a tháinig i bhfeidhm nó a tháinig chun bheith éifeachtach ó bhí 2023 ann.

3.3. Leasuithe ar na Treoirlínte Suirbhéireachta faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe, 2025

Is córas aontaithe é an Córas Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe le haghaidh suirbhéanna agus deimhniú loinge faoi choinbhinsiúin IMO. Is ceanglais éigeantacha iad Treoirlínte Suirbhéireachta an Chórais Chomhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe a leanann eagraíochtaí aitheanta agus suirbhéanna agus cigireachtaí reachtúla á ndéanamh acu.

Chomhaontaigh an Fochoiste um Chur Chun Feidhme ag an Stát Brataí, réamhtheachtaí III, athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar Threoirlínte Suirbhéireachta an Chórais Chomhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe. Dá bhrí sin, tugtar na Treoirlínte Suirbhéireachta cothrom le dáta ag gach seisiún de Thionól IMO.

Bhunaigh III 9 Grúpa Comhfhreagrais um Threoirlínte Suirbhéireachta faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe, Liosta neamh-uileghabhálach na n-oibleagáidí, agus an Treoraíocht maidir le Ciansuirbhéanna, Iniúchtaí agus Fíoruithe chun tuilleadh leasuithe ar Threoirlínte an Chórais Chomhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe a bhreithniú.

Chomhaontaigh III 10 gur ghá na dréachtleasuithe ar na Treoirlínte Suirbhéireachta a fhorbairt a thuilleadh chun go n-áireofaí na ceanglais a eascraíonn as leasuithe ar ionstraimí ábhartha IMO a thiocfaidh i bhfeidhm suas go dtí an 31 Nollaig 2025 agus an dáta sin san áireamh, agus torthaí MSC 108, MEPC 81 agus seisiúin MSC agus an Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí san áireamh, de réir mar is iomchuí, d'fhonn dréachtleasuithe ar III 11 a chur isteach lena dtabhairt chun críche sula bhféadfaí iad a chur isteach go díreach san fhoirm chomhdhlúite chuig A 34 lena nglacadh, faoi réir formheas a fháil ó na Coistí. Ba é seasamh an Aontais ag III 10 tacú leis an moladh go ndéanfaidh an Mheitheal um Threoirlínte Suirbhéireachta faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe na dréachtleasuithe ar Threoirlínte an Chórais Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe 2023, a eascraíonn as na leasuithe ar ionstraimí éigeantacha atá le teacht i bhfeidhm suas go dtí an 31 Nollaig 2025, agus an dáta sin san áireamh, a bhreithniú.

Rinne III 10 an Grúpa Comhfhreagrais thuasluaite a athbhunú chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar leasuithe ar na Treoirlínte Suirbhéireachta, d'fhonn leagan comhdhlúite a bheith ann faoi III 11.

Bhreithnigh III 11, i measc nithe eile, tuarascáil na Meithle Comhfhreagrais agus bhunaigh sé an Mheitheal um Threoirlínte Suirbhéireachta faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe, Liosta Neamh-uileghabhálach na nOibleagáidí, agus an Treoraíocht maidir le Ciansuirbhéanna, Iniúchtaí agus Fíoruithe chun bailchríoch a chur ar na dréachtleasuithe atá beartaithe ar na Treoirlínte Suirbhéireachta faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe, 2023, lena dtabhairt chun críche ag an seisiún sin d'fhonn iad a chur faoi

bhráid A 34, i bhfoirm chomhdhlúite, lena nglacadh. Ba é seasamh an Aontais in III 11 tacú leis an moladh go ndéanfar na leasuithe atá beartaithe a chur faoi bhráid na meithle lena n-athbhreithniú agus lena dtabhairt chun críche le linn an tseisiúin.

D'aontaigh III 11 leis na dréachtleasuithe ar Threoirlínte Suirbhéireachta an Chórais Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe atá le glacadh ag A 34.

Bhí údarú tugtha ag MSC 109 agus MEPC 83 do III 11 toradh a chuid oibre ar ábhair a mbeadh gá leis an dréachtrún ón Tionól maidir le Treoirlínte Suirbhéireachta an Chórais Chomhchuibhithe Suirbhéireachta a ghlacadh a thuairisciú go díreach do A 34.

Cuireadh an dréachtrún ón Tionól maidir le Treoirlínte Suirbhéireachta an Chórais Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe ar aghaidh lena ghlacadh ag A 34, de réir thuarascáil MSC go A34 (doiciméad A 34/12 ó IMO an 1 Meán Fómhair 2025).

Dá bhrí sin, ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacú le glacadh na leasuithe ar Threoirlínte Suirbhéireachta an Chórais Chomhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe toisc go gcuirfear san áireamh sa nuashonrú na leasuithe ar ionstraimí IMO a tháinig i bhfeidhm nó a tháinig chun bheith éifeachtach ó bhí 2023 ann.

3.4. Leasuithe ar liosta neamh-uileghabhálach na n-oibleagáidí faoi ionstraimí atá ábhartha do Chód Cur Chun Feidhme Ionstraimí IMO (Cód III)

Mar threoraíocht maidir le cur chun feidhme agus forfheidhmiú ionstraimí IMO, go háirithe maidir le réimsí in-iniúchta a shainaithint atá ábhartha do Scéim Iniúchóireachta Bhallstáit IMO, tá liosta neamh-uileghabhálach d'oibleagáidí á fhorbairt ag IMO faoi ionstraimí atá ábhartha do Chód Cur Chun Feidhme Ionstraimí IMO (Cód III). Rinne an t-athbhreithniú is déanaí ar an liosta sin in 2023 agus é ina iarscríbhinn a ghabhann le Rún A.1187(33) agus glacadh é ag A 33. Ó shin i leith, ghlac MSC agus an Coiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí araon forálacha reachtacha breise.

Bhunaigh III 9 an Grúpa Comhfhreagrais maidir leis na Treoirlínte Suirbhéireachta faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe, Liosta Neamh-uileghabhálach na nOibleagáidí, agus an Treoraíocht maidir le Ciansuirbhéanna, Iniúchtaí agus Fíoruithe, chun, *inter alia*, leanúint de na dréachtleasuithe ar Liosta neamh-uileghabhálach na n-oibleagáidí a fhorbairt, ar liosta é a thagann as na leasuithe ar ionstraimí IMO ábhartha a thiocfaidh i bhfeidhm suas go dtí an 1 Iúil 2026, agus an dáta sin san áireamh, d'fhonn dréachtleasuithe a chur isteach ar an Liosta neamh-uileghabhálach, mar a tugadh chun críche i bhfoirm chomhdhlúite, lena nglacadh ag A 34.

Ní raibh III 10, mar gheall ar shrianta ama, in ann an nuashonrú ar an Liosta Neamh-uileghabhálach a chur i gcrích. Dá bhrí sin, chomhaontaigh III 10 leanúint den obair sa Ghrúpa Comhfhreagrais thuasluaite, d'fhonn nuashonrú an liosta neamh-uileghabhálach a thabhairt chun críche. Ba é seasamh an Aontais ag III 10 tacú le tuarascáil an ghrúpa comhfhreagrais mar bhonn chun Liosta neamh-uileghabhálach 2023 na n-oibleagáidí faoi ionstraimí atá ábhartha do Chód III a thabhairt cothrom le dáta.

Bhreithnigh III 11, i measc nithe eile, tuarascáil an Ghrúpa Comhfhreagrais agus tharchuir sé an doiciméad chuig an Meitheal um Threoirlínte Suirbhéireachta faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe, Liosta Neamh-uileghabhálach na nOibleagáidí, agus an Treoraíocht maidir le Ciansuirbhéanna, Iniúchtaí agus Fíoruithe chun bailchríoch a chur ar na dréachtleasuithe atá beartaithe ar an liosta neamh-uileghabhálach. Ba é seasamh an Aontais in III 11 tacú leis an moladh go ndéanfar na leasuithe atá beartaithe a chur faoi bhráid na meithle lena n-athbhreithniú agus lena dtabhairt chun críche le linn an tseisiúin.

D'aontaigh III 11 leis na dréachtleasuithe ar an Liosta Neamh-uileghabhálach atá le glacadh ag A 34.

Bhí údarú tugtha ag MSC 109 agus MEPC 83 do III 11 toradh a chuid oibre ar ábhair a d'éileodh go nglacfaí an dréachtrún ón Tionól maidir le liosta neamh-uileghabhálach na n-oibleagáidí faoi ionstraimí atá ábhartha do Chód III a thuairisciú go díreach do A 34.

Cuireadh an dréachtrún ón Tionól maidir le liosta neamh-uileghabhálach na n-oibleagáidí faoi ionstraimí atá ábhartha do Chód III ar aghaidh lena ghlacadh ag A 34, de réir thuarascáil MSC go A34 (doiciméad IMO A 34/12 an 1 Meán Fómhair 2025).

Ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacú le leasuithe ar liosta neamh-uileghabhálach na n-oibleagáidí faoi ionstraimí atá ábhartha do Chód III toisc go gcuirfear san áireamh sa nuashonrú na leasuithe ar ionstraimí IMO atá ábhartha do Chód III a tháinig i bhfeidhm nó a tháinig chun bheith éifeachtach ó bhí 2023 ann.

3.5. An Creat agus na Nósanna Imeachta le haghaidh Scéim Iniúchóireachta Bhallstáit IMO

Leis an gCreat agus na Nósanna Imeachta le haghaidh Scéim Iniúchóireachta Bhallstáit IMO, déantar measúnú ar a mhéid a thugann na Ballstáit éifeacht iomlán agus chríochnaithe dá n-oibleagáidí agus dá bhfreagrachtaí atá in ionstraimí IMO agus is é is aidhm dóibh cur chun feidhme comhsheasmhach agus éifeachtach na n-ionstraimí sin a chur chun cinn. Thug Comhairle IMO dá haire le linn an 134ú seisiún a bhí aici (C 134) an fhaisnéis lena ndéantar an dul chun cinn i gcur chun feidhme Scéim Iniúchóireachta Bhallstáit IMO a thuairisciú agus an tuarascáil ón naoú seisiún den Mheitheal Chomhpháirteach um Scéim Iniúchóireachta na mBallstát (JWGMSA 9). D'fhormheas an 134ú Comhairle an tuarascáil sin agus d'fhormheas sí an dréachtrún ón Tionól maidir leis an gCreat agus na Nósanna Imeachta athbhreithnithe le haghaidh Scéim Iniúchóireachta Bhallstáit IMO agus an iarscríbhinn a ghabhann leis, d'fhonn iad a chur faoi bhráid an 34ú Tionól lena nglacadh.

Ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacú leis an gCreat agus leis na Nósanna Imeachta athbhreithnithe le haghaidh Scéim Iniúchóireachta Bhallstáit IMO toisc go gcuirfidh sé feabhas ar chumas na mBallstát a n-oibleagáidí faoi ionstraimí éigeantacha IMO a bhfuil siad ina bPáirtí iontu a chomhlíonadh, agus trédhearcacht, cuntasacht agus comhar níos fearr a chothú i measc na mBallstát.

4. REACHTAÍOCHT ÁBHARTHA AN AONTAIS EORPAIGH AGUS INNIÚLACHT AN AONTAIS EORPAIGH

4.1. Reachtaíocht ábhartha an Aontais Eorpaigh

4.1.1. Glacadh an dréacht-Chóid um Fholáirimh agus Táscairí, 2025, agus an dréachtrún gaolmhar ón Tionól, agus lena gcúlghairtear rún A.1021(26) atá ann cheana maidir leis an gCód um Fholáirimh agus Táscairí, 2009

Tá sé beartaithe leis an gCód um Fholáirimh agus Táscairí, 2009 (Rún A.1021(26)), treoraíocht ghinearálta maidir le dearadh a sholáthar agus aonfhoirmeacht an chineáil, an tsuímh agus na tosaíochta a chur chun cinn maidir le foláirimh agus táscairí a cheanglaítear le Coinbhinsiún SOLAS. Le hAirteagal 6(2)(a)(i) de Threoir 2009/45/CE maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta le haghaidh longa paisinéirí[1], cuirtear Coinbhinsiún SOLAS, arna leasú, i bhfeidhm i dtaca le longa paisinéirí Aicme A. Dá bhrí sin, déanfaidh na leasuithe ar an gCód difear do na rialacha faoi Threoir 2009/45/CE.

[1] IO L 163, 25.6.2009 , lch. 1

4.1.2. Glacadh na nósanna imeachta um rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt, 2025, agus an dréachtrún gaolmhar ón Tionól

Baineann Treoir 2009/16/CE maidir le rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt[2], arna leasú, le caighdeáin idirnáisiúnta a fhorfheidhmiú maidir le sábháilteacht loinge, cosc ar thruailliú agus dálaí maireachtála agus oibre ar bord loinge i ndáil le longa a thugann cuairt ar chalafoirt an Aontais agus atá ag seoladh sna huiscí atá faoi dhlínse na mBallstát. Is é is cuspóir don Treoir maidir le Rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt loingseoireacht faoi bhun an chaighdeáin a laghdú sna huiscí atá faoi dhlínse Bhallstáit an Aontais ar bhonn na dtreoirlínte arna bhformheas ag Meabhrán Comhthuisceana Pháras.

Dá bhrí sin, ba cheart forbairt nósanna imeachta IMO um rialú arna dhéanamh ag Stát an chalafoirt a bheith comhleanúnach leo siúd arna bhformheas ag Meabhrán Comhthuisceana Pháras ionas go bhféadfadh tionchar a bheith acu orthu, agus dá bhrí sin d'fhéadfaidís difear a dhéanamh do rialacha agus do chur chun feidhme Threoir 2009/16/CE.

4.1.3. Leasuithe ar na Treoirlínte Suirbhéireachta faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe, 2025

Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d'eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge[3]. Cruthaíonn sé córas ceadúnúcháin (aitheantais), atá faoi réir roinnt critéar agus oibleagáidí chun a áirithiú go gcuireann eagraíocht aitheanta na caighdeáin chéanna i bhfeidhm ar gach long ina clár, gan beann ar an mbratach atá ar foluain ag na longa.

In Iarscríbhinn I, critéar B7(k) den Rialachán sin, sonraítear an méid seo a leanas:

'7. Ní mór don eagraíocht aitheanta a áirithiú:

(k) maidir leis na suirbhéireachtaí reachtúla agus na cigireachtaí reachtúla a éilítear leis an gcóras comhchuibhithe suirbhéireachta agus deimhnithe agus a n-údaraítear don eagraíocht aitheanta iad a dhéanamh, go ndéantar iad i gcomhréir leis an bhforáil a leagtar amach san Iarscríbhinn agus san Aguisín a ghabhann le Rún IMO A.948(23) ar threoirlínte suirbhéireachta faoin gcóras comhchuibhithe suirbhéireachta agus deimhnithe.' (Measfar gur tagairt é sin don leagan cothrom le dáta de Threoirlínte faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe.)

Dá bhrí sin, an t-athbhreithniú ar Threoirlínte Suirbhéireachta faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe, 2021, déanfaidh sé difear do na ceanglais is infheidhme faoi Rialachán (CE) Uimh. 391/2009.

4.1.4. Leasuithe ar liosta neamh-uileghabhálach na n-oibleagáidí faoi ionstraimí atá ábhartha do Chód Cur Chun Feidhme Ionstraimí IMO (Cód III)

Is é is aidhm do Threoir 2009/21/CE maidir le ceanglais Stáit bhrataí[4] a chomhlíonadh a áirithiú go n-urramóidh Ballstáit an Aontais a n-oibleagáidí mar stáit bhrataí agus go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais atá an Stát brataí faoi na Coinbhinsiúin Idirnáisiúnta a bhfuil siad ina bpáirtí iontu. Laistigh den Treoir, bunaíodh dhá shásra arb é is aidhm dóibh maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Stáit bhrataí: nós imeachta iniúchóireachta faoi stiúir IMO (Airteagal 7) agus córas inmheánach bainistíochta cáilíochta (Airteagal 8).

[2] IO L 131, 28.5.2009, lch. 57
[3] IO L 131, 28.5.2009, lch. 11
[4] IO L 131, 28.5.2009, lch. 132

Ina theannta sin Cuirtear Cód III san áireamh freisin i gcomhréir leis an sainmhíniú ar ‘coinbhinsiúin idirnáisiúnta’ i Rialachán (CE) Uimh. 391/2009, arna leasú.

Dá bhrí sin, na leasuithe ar liosta neamh-uileghabhálach na n-oibleagáidí faoi ionstraimí atá ábhartha do Chód III, déanfaidh siad difear do na ceanglais is infheidhme faoi Threoir 2009/21/CE agus faoi Rialachán (CE) Uimh. 391/2009.

4.1.5. Leasuithe ar an gCreat agus ar na Nósanna Imeachta le haghaidh Scéim Iniúchóireachta Bhallstáit IMO

Is é is aidhm do Threoir 2009/21/CE maidir le ceanglais Stáit bhrataí a chomhlíonadh a áirithiú go n-urramóidh Ballstáit an Aontais a n-oibleagáidí mar bhratstáit agus go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais atá ar Stát brataí faoi na Coinbhinsiúin Idirnáisiúnta a bhfuil siad ina bPáirtí iontu. In Airteagal 7 den Treoir, sonraítear go ndéanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun iniúchadh IMO a dhéanamh ar a riarachán i gcomhréir leis an timthriall a ghlac IMO. Dá bhrí sin, déanfaidh na leasuithe ar an gCreat agus ar na Nósanna Imeachta le haghaidh Scéim Iniúchóireachta Bhallstáit IMO difear do na ceanglais is infheidhme faoi Threoir 2009/21/CE.

5. BUNÚS DLÍ

5.1. Bunús dlí don nós imeachta

5.1.1. Prionsabail

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear ‘*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.*’

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE gan beann ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an tAontas ina chomhalta den chomhlacht nó ina pháirtí sa chomhaontú[5].

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap ‘*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*’ gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d’fhéadfadh ‘*tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*’[6].

5.1.2. Feidhm maidir leis an gcás atá ann faoi láthair

Is comhlacht é Thionól IMO a cuireadh ar bun le comhaontú, is é sin an Coinbhinsiún maidir leis an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta.

Na gníomhartha a iarrtar ar an 34ú Tionól a ghlacadh, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo toisc go bhféadfadh siad tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar reachtaíocht an Aontais, is é sin:

– Treoir 2009/45/CE maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta le haghaidh longa paisinéirí. Is amhlaidh atá toisc go gcuireann Airteagal 6(2)(a)(i) den Treoir SOLAS i bhfeidhm maidir le longa paisinéirí i dturas intíre agus go bhfuil sé beartaithe leis an gCód um Fholáirimh agus Táscairí, 2009, treoir ghinearálta maidir

[5] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, *an Ghearmáin* v *an Chomhairle*, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 64.

[6] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, *an Ghearmáin* v *an Chomhairle*, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

leis an dearadh a sholáthar agus aonfhoirmeacht maidir le cineál, suíomh agus tosaíocht a chur chun cinn maidir le foláirimh agus táscairí a cheanglaítear le Coinbhinsiún SOLAS.

– Treoir 2009/16/CE maidir le rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt. Is amhlaidh atá toisc gurb é is cuspóir don Treoir maidir le Rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt loingseoireacht faoi bhun an chaighdeáin a laghdú sna huiscí atá faoi dhlínse Bhallstáit an Aontais ar bhonn na dtreoirlínte arna bhformheas ag Meabhrán Comhthuisceana Pháras agus gur cheart forbairt nósanna imeachta IMO um Rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt a bheith comhleanúnach leis na nósanna imeachta sin arna bhformheas ag Meabhrán Comhthuisceana Pháras.

– Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin chomhchoiteanna d'eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge. Tá sin amhlaidh toisc go n-éilíonn sé ar eagraíocht aitheanta a áirithiú go ndéantar na suirbhéanna agus na cigireachtaí reachtúla i gcomhréir leis na treoirlínte suirbhéireachta faoin gcóras comhchuibhithe suirbhéireachta agus deimhnithe arna nglacadh ag IMO. Tá Cód III éigeantach freisin do Bhallstáit an Aontais i gcomhréir leis an sainmhíniú ar 'choinbhinsiúin idirnáisiúnta'.

– Treoir 2009/21/CE maidir le ceanglais Stáit bhrataí a chomhlíonadh. Is amhlaidh atá toisc gur uirlis tacaíochta é an liosta neamh-uileghabhálach chun Scéim Iniúchóireachta Bhallstáit IMO a chur chun feidhme, scéim a chuimsítear sa Treoir thuasluaite.

Leis na gníomhartha atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

5.2. Bunús dlí substainteach

5.2.1. Prionsabail

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

5.2.2. Feidhm maidir leis an gcás atá ann faoi láthair

Is leis an muiriompar a bhaineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe. Dá bhrí sin, is é Airteagal 100(2) CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

5.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 100(2) CFAE a bheith ina bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

2025/0341 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta le linn an 34ú seisiún den Tionól

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Coinbhinsiún maidir leis an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (‘IMO’) i bhfeidhm an 17 Márta 1958.

(2) Is sainghníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe é IMO a bhfuil freagracht uirthi as sábháilteacht agus slándáil loingseoireachta agus as truailliú muirí agus truailliú aeir ó longa a chosc. Tá Ballstáit uile an Aontais ina gcomhaltaí de IMO. Níl an tAontas ina chomhalta de IMO.

(3) De bhun Airteagal 15(j) den Chomhaontú, féadfaidh an Tionól rialacháin agus treoirlínte le haghaidh comhaltaí maidir le sábháilteacht mhuirí, cosc agus rialú an truaillithe mhuirí ó longa, a ghlacadh mar aon le hábhair eile a bhaineann le héifeacht na loingseoireachta ar an muirthimpeallacht a sannadh don Eagraíocht ag nó faoi ionstraimí idirnáisiúnta, nó leasuithe ar na rialacháin agus na treoirlínte a cuireadh faoina bráid.

(4) Le linn an 34ú seisiún a bheidh ag Tionól IMO ón 24 Samhain go dtí an 3 Nollaig 2025, tá sé le leasuithe a ghlacadh ar an gCód um Fholáirimh agus Táscairí, ar na nósanna imeachta um rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt, ar na Treoirlínte Suirbhéireachta faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe, ar liosta neamh-uileghabhálach na n-oibleagáidí faoi ionstraimí atá ábhartha do Chód Cur Chun Feidhme Ionstraimí IMO (Cód III) agus ar an gCreat agus ar na Nósanna Imeachta le haghaidh Scéim Iniúchóireachta Bhallstáit IMO.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn an 34ú seisiún de Thionól IMO a bhunú, ós rud é go bhféadfadh na leasuithe thuasluaite tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar dhlí an Aontais, is é sin Treoir 2009/45/CE maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta le haghaidh longa paisinéirí[7], Treoir 2009/16/CE maidir le rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt[8], Rialachán (CE) Uimh. 391/2009 maidir le rialacha comhchoiteanna agus caighdeáin

[7] IO L 163, 25.6.2009 , lch. 1
[8] IO L 131, 28.5.2009, lch. 57

chomhchoiteanna d'eagraíochtaí cigireachta agus suirbhéireachta loinge[9] agus Treoir 2009/21/CE maidir le ceanglais Stát brataí a chomhlíonadh[10].

(6) Ba cheart don Aontas tacú leis an dréacht-Chód um Fholáirimh agus Táscairí, 2025 agus lena dhréachtrún gaolmhar ón Tionól toisc go n-áiritheofar leis an athbhreithniú sin go gcomhlíonfar ceanglais ionstraimí IMO a glacadh agus/nó a leasaíodh ó glacadh an Cód agus, dá bhrí sin, chun deireadh a chur le neamhréireanna, débhríochtaí agus iomarcaíochtaí nach bhfuil gá leo.

(7) Ba cheart don Aontas tacú le glacadh na nósanna imeachta um rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt, 2025 agus an dréachtrún gaolmhar ón Tionól, toisc go bhfeabhsóidh sé sábháilteacht agus slándáil mhuirí, agus an cosc ar thruailliú muirí agus cuirfear san áireamh sa nuashonrú na leasuithe ar ionstraimí IMO a tháinig i bhfeidhm nó a tháinig chun bheith éifeachtach ó bhí 2023 ann.

(8) Ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacú le glacadh na leasuithe ar Threoirlínte Suirbhéireachta an Chórais Chomhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe toisc go gcuirfear san áireamh sa nuashonrú na leasuithe ar ionstraimí IMO a tháinig i bhfeidhm nó a tháinig chun bheith éifeachtach ó bhí 2023 ann.

(9) Ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacú le leasuithe ar liosta neamh-uileghabhálach na n-oibleagáidí faoi ionstraimí atá ábhartha do Chód III toisc go gcuirfear san áireamh sa nuashonrú na leasuithe ar ionstraimí IMO atá ábhartha do Chód III a tháinig i bhfeidhm nó a tháinig chun bheith éifeachtach ó bhí 2023 ann.

(10) Ba cheart gurb é seasamh an Aontais tacú leis an gCreat agus leis na Nósanna Imeachta athbhreithnithe le haghaidh Scéim Iniúchóireachta Bhallstáit IMO toisc go gcuirfidh sé feabhas ar chumas na mBallstát a n-oibleagáidí faoi ionstraimí éigeantacha IMO a bhfuil siad ina bPáirtí iontu a chomhlíonadh, agus trédhearcacht, cuntasacht agus comhar níos fearr a chothú i measc na mBallstát.

(11) Cuirfidh an Coimisiún agus Ballstáit an Aontais, mar chomhaltaí de IMO, seasamh an Aontais in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn an 34ú seisiún de Thionól na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta aontú le glacadh na leasuithe ar an gCód um Fholáirimh agus Táscairí, ar na nósanna imeachta um rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt, ar na Treoirlínte Suirbhéireachta faoin gCóras Comhchuibhithe Suirbhéireachta agus Deimhnithe, ar liosta neamh-uileghabhálach na n-oibleagáidí faoi ionstraimí atá ábhartha do Chód Cur Chun Feidhme Ionstraimí IMO (Cód III) agus ar an gCreat agus ar na Nósanna Imeachta le haghaidh Scéim Iniúchóireachta Bhallstáit IMO.

Airteagal 2

Cuirfidh an Coimisiún agus Ballstáit an Aontais ar comhaltaí de Thionól IMO iad an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais.

[9] IO L 131, 28.5.2009, lch. 11

[10] IO L 131, 28.5.2009, lch. 132

Airteagal 3

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán